



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA

I.R. Uimh. 147 de 2009

NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE
(CEADANNA D'FHEITHICLÍ SPEISIALAITHE
2009

(Prn. A9/0561)

NA RIALACHÁIN UM THRÁCHT AR BHÓITHRE
(CEADANNA D’FHEITHICLÍ SPEISIALAITHE)
2009

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 11 agus le halt 13 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961), agus leis an Acht um Bóithre Náisiúnta agus Trácht ar Bhóithre (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2002 (I.R. Uimh. 298 de 2002) (arna oiriúnú leis an Ordú Fiontair Phoiblí (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2002 (I.R. Uimh. 305 de 2002)) agus leis an Ordú Iompair (Feidhmeanna Aire a Tharmligean) (Trácht ar Bhóithre) 2008 (I.R. Uimh 320 de 2008), déanaimse, NOEL AHERN, an tAire Stáit sa Roinn Iompair, leis seo na rialacháin seo a leanas:

Lua

1. Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d’Fheithiclí Speisialaithe), 2009, is teideal de na Rialacháin seo.

Tosach Feidhme

2. Tiocfaidh na Rialacháin seo i ngníomh an 4 Bealtaine 2009.

Sainmhínithe

3. Sna Rialacháin seo—

Ciallaíonn “bóthar ainmnithe” gach aon cheann de na bóithre agus na codanna de bhóithre atá sonraithe sa Sceideal;

Ciallaíonn “Oifigeach na gCeadanna” an t-oifigeach arna cheapadh faoi Rialachán 10; Ciallaíonn “feithicil speisialaithe”, feithicil (cibé an bhfuil sí cláraithe sa Stát nó nach bhfuil)—

(a) atá déanta nó oiriúnaithe chun ualaí fada nó ualaí leathana a iompar, agus

(b) a mbeadh sárú aon cheann d’fhorálacha na rialachán um oibriú feithicilí speisialaithe i gceist an fheithicil sin a úsáid ar bhóthar poiblí;

Ciallaíonn “rialacháin um oibriú feithicilí speisialaithe” aon rialacháin atá déanta chun críocha alt 11 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

Ciallaíonn “cead d’fheithicil speisialaithe” cead arna dheonú é faoi Rialachán 6;

agus áirítear le “feithicil” teaghlaim d’fheithicilí.

Feidhm na Rialachán seo.

4. Baineann na Rialacháin seo le hoibriú feithicilí speisialaithe ar bhóthar ainmnithe.

Foilsíodh fógra san “Iris Oifigiúil” an 24 Aibreán, 2009, á rá go ndearnadh an Ionstraim Reachtuil seo.

Feidhm le haghaidh Ceadanna d'Fheithicilí Speisialaithe

5. (1) Féadfar d'úinéir nó oibreoir feithicle speisialaithe iarratas a dhéanamh le hOifigeach na gCeadanna ar chead lena n-údaraitear dó an fheithicil a oibriú ar tráth nó tráthanna sonraithe, nó le linn tréimhse sonraithe suas le 1 bhliain ar,—

- (a) bóthar ainmnithe agus sonraithe nó bóithre ainmnithe agus sonraithe, nó
- (b) gach uile bhóthar ainmnithe laistigh de limistéar sonraithe.

(2) Déanfar an t-iarratas ar chead cúig lá oibre iomlána ar a laghad roimh thús a bheith curtha leis an oibríocht atá beartaithe.

(3) Is san fhoirm arna soláthar ag Coimisinéir an Ghárda Síochána chun na críche sin a dhéanfar an t-iarratas, agus is féidir é a chur isteach trí ríomhphost.

(4) Maidir leis an iarratas, leagfar amach ann—

- (c) sonraí na feithicle a bheith á húsáid,
- (d) sa chás go bhfuil gá le haon chead speisialta chun an fheithicil a oibriú faoi Rialachán 60 de na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Déanamh agus Úsáid Feithicilí), 2003 (S.I. Uimh. 5 de 2003), ráiteas ina luaitear cibé an bhfuarthas nó nár bhfuarthas an cead sin,
- (e) más rud é, chun críocha na hoibríochta atá molta, go bhfuil sé beartaithe an fheithicil a oibriú in áit phoiblí seachas ar bhóthar ainmnithe, ráiteas ina luaitear cibé an bhfuarthas nó nár bhfuarthas cead don oibríocht sin faoi na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna Speisialta d'Fheithicilí Áirithe) 2007 (IR Uimh. 283 de 2007),
- (f) an cineál ualaigh agus toisí an ualaigh, maidir le haon ualach atá le hiompar,
- (g) sonraí faoi na turais atá le déanamh, agus
- (h) cibé an mbeidh freastalaí nó feithicil choimhdeachta in éineacht leis an bhfeithicil.

(5) Féadfaidh Oifigeach na gCeadanna ceanglais a chur ar an iarratasóir aon fhaisnéis eile atá riachtanach le réasún a chur ar fáil chun an t-iarratas a bhreithniú, agus má éilíonn Oifigeach na gCeadanna amhlaidh, ní gá dó nó di an t-iarratas a mheas go dtí go soláthraíonn an t-iarratasóir an fhaisnéis atá riachtanach.

Deontas le haghaidh ceadanna d'fheithicilí speisialaithe

6. (1) Féadfar d'Oifigeach na gCeadanna cead d'fheithicle speisialaithe a dheonú más rud é—

- (i) nach bhfuil an fheithicil, agus an t-ualach san áireamh, níos faide ná 27.4 méadar ná níos leithne ná 4.3 méadar; agus
- (j) go bhfuil sé nó sí sásta—

- (i) go mbeidh oibriú na feithicle ag teacht de réir na sonraí atá san iarratas, agus na teorainneacha, na srianta nó na coinníollacha atá beartaithe (más ann dóibh) sa chead, go mbeidh sé sábháilte, agus
- (ii) nach sáróidh an fheithicil ná an oibríocht sin na hAchtanna um Thrácht ar Bhóithre 1961 go 2006, aon Rialacháin arna ndéanamh faoi na hAchtanna sin, nó aon dlí eile.

(2) Tá feidhm ag na coinníollacha ag seo a leanas i dtaca le gach aon chead d'fheithicil speisialaithe arna dheonú:

- (a) go gcomhlíontar le haon cheanglas is infheidhme maidir le haon ualach tarchrochta a mharcáil;
- (b) go gcoimeádtar na doiciméid seo a leanas i gcábán tiomána na feithicle:
 - (iii) cóip chlóite den chead;
 - (iv) cóip chlóite d'aon leagan malartach de;
 - (v) cóip chlóite d'aon ríomhphost ábhartha dá dtagraítear i rialachán 8(4);
- (c) go gcoinnítear na doiciméid dá dtagraítear i bhfomhír (b) ar fáil lena n-iniúchadh ag aon chomhalta de chuid an Gharda Síochána a éilíonn go dtaispeánfar dóibh iad;
- (d) nach dtosaíonn oibreoir na feithicle ar aon oibríocht a údaraítear leis an gcead ach amháin más rud é—
 - (vi) go bhfuil glanspás leordhóthanach airde agus leithid chun an fheithicil a oibriú go sábháilte ar fad an bhealach ar fad atá beartaithe, agus
 - (vii) go mbeidh staid cúrsaí éagsúla (lena n-áirítear riocht agus coinníoll dhromchla an bhóthair, caighdeán an tsolais nádúrtha agus saorga atá ar fáil, chomh maithe leis na coinníollacha maidir leis an aimsir agus an trácht) ar fad an bhealaigh bheartaithe chun ligean d'oibriúchán sábháilte na feithicle;
- (e) go n-éireoidh oibreoir na feithicle as an fheithicil a oibriú más rud é, agus an fheithicil á hoibriú aige—
 - (viii) nach bhfuil glanspás leordhóthanach, ar airde ná ar leithead, a thuilleadh, ar chúis ar bith, chun an fheithicil a oibriú go sábháilte ar fad an gcuid eile den bhealach atá beartaithe, nó
 - (ix) go bhfágfar, mar gheall ar staid cúrsaí éagsúla (lena n-áirítear riocht agus coinníoll dhromchla an bhóthair, caighdeán an tsolais nádúrtha agus saorga atá ar fáil, chomh maithe leis na coinníollacha maidir leis an aimsir agus an trácht) nach ligfear don oibriúchán sin a bheith sábháilte ar fad an chuid atá fágtha den bhealach beartaithe;
- (f) nach sáraítear aon dlí eile a bhaineann leis an trácht ar bhóithre nó leis an iompar le linn na hoibríochta.

(3) Féadfar d'Oifigeach na gCeadanna teorannú, srian nó coinníoll a fhorchur ar chead d'fheithicil speisialaithe má mheasann sé nó sí le réasún go bhfuil gá leis sin chun an pobal a chosaint.

(1) Go háirithe, féadfar d'Oifigeach na gCeadanna coinníoll a fhorchur nach mór freastalaí nó feithicil coimhdeachta a bheith in éineacht leis an bhfeithicil, agus féadfar dó coinníollacha a fhorchur i ndáil lena leithéid d'fhreastalaí nó feithicil coimhdeachta.

(2) Féadfar cead d'fheithicil speisialaithe a bheith i bhfoirm ar bith arna fhormheas ag Coimisinéir an Gharda Síochána, lena n-áirítear cead i dteachtairacht ríomhphoist.

Tionchar Ceadanna d'Fheithicilí Speisialaithe.

7. (1) Glacfar leis nach sáraítear aon rialacháin speisialaithe maidir le hoibríochtaí feithicilí nuair a oibrítear an fheithicil speisialaithe ar aon dul le cead d'fheithicil speisialaithe (lena n-áirítear coinníollacha an cheada a fhorchuirtear le Rialachán 6 (2) agus aon choinníollacha a fhorchuireann Oifigeach na gCeadanna nuair a dheonaítear an cead).

(2) Beidh éifeacht le cead d'fheithicil speisialaithe ar feadh 12 mhí ón dáta arna deonú é nó aon tréimhse níos giorra ná sin arna sonrú ann.

Athrú i gcúinsí áirithe

1. (1) Más rud é—

(c) go gceadaítear feithicil speisialaithe a hoibriú le cead d'fheithicil speisialaithe,

(d) mar gheall ar athrú ar chúinsí de chineál atá luaite i mír (2), nach mór an oibríocht ábhartha a dhéanamh ag úsáid feithicil dhifriúil leis an bhfeithicil atá shonraithe sa chead, nó nach mór oibríocht chomhchosúil ach éagsúil a dhéanamh agus an fheithicil shonraithe a úsáid, agus

(e) nach bhfuil aon am roimh don oibríocht athrú ar an gcead a fháil, beidh feidhm ag míreanna (3) agus (4).

(2) Ní foláir an t-athrú ar chúinsí a bheith lasmuigh de smacht réasúnach an oibreora. Mar shampla—

(f) más rud é go bhfuil an fheithicil shonraithe tar éis éirí ó mhaith, nó

(g) gurbh éigean an bealach a athrú mar gheall ar chúiseanna nach bhféadfaí a thuar go réasúnach roimh ré.

(3) Tabharfaidh an t-oibreoir fógra d'Oifigeach na gCeadanna trí r-phost faoin athrú ar chúinsí agus faoin athrú atá beartaithe maidir leis an oibríocht.

(4) Glacfar leis nach sáraítear aon rialacháin speisialaithe maidir le hoibríochtaí na feithicle nuair a oibrítear an fheithicil ar aon dul leis an gcead agus an athrú atá fógartha d'Oifigeach na gCeadanna suas go dtí cibé den dá théimhse seo is luaithe—

(c) deireadh an 5ú lá tar éis an lá a ndéantar an t-iarratas, nó

(d) an t-am a ndéanann Oifigeach na gCeadanna an cead a leasú ar aon dul leis an athrú, nó a ndiúltaíonn sé amhlaidh a dhéanamh.

(5) Scoireann mír (4) d'fheidhm a bheith aici i ndáil le hoibriú feithicle má sháraítear aon dlí eile le linn an oibríthe sin.

Cead d'fheithicil speisialaithe a tharraingt siar mar gheall ar sárú

9. (1) Má oibrítear feithicil speisialaithe ar eisíodh cead ina leith ar bhealach a sáraítear coinníoll den chead, féadfar d'aon bhall den Gharda Síochána an cead a tharraingt siar trí fhógra (lena n-áirítear fógra ó bhéal) a thabhairt do thiománaí nó d'oibreoir na feithicle.

(2) Beidh éifeacht leis an aistarraingt láithreach bonn má fhógraítear é.

(1) Má dhéantar cead a tharraingt siar de réir mhír (1), ní bheidh feidhm aige as sin amach.

(2) Féadfar don bhall sin, áfach, ordú a thabhairt d'oibreoir nó do thiománaí na feithicle an fheithicil a bhogadh go dtí áit ina mbeadh an riosca a bhaineann léi i leith úsáideoirí bóithre eile is lú is indéanta.

Oifigeach na gCeadanna

10. Ceapfaidh Coimisinéir an Gharda Síochána oifigeach de chuid an Gharda Síochána de chéim an Phríomh-Cheannfoirt nó de chéim níos airde ná sin mar Oifigeach na gCeadanna.

Leasuithe ar rialacháin eile

11. Leasaítear na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna Speisialta d'Fheithicilí Áirithe) 2007 (S.I. Uimh. 283 de 2007) tríd an méid seo a leanas a chur isteach i ndiaidh Rialachán 2—

“2A. Sna Rialacháin seo ní gcuimsítear le ‘bóthar poiblí’ bóthar atá ina bhóthar ainmnithe de réir bhrí na Rialachán um Thrácht ar Bhóithre (Ceadanna d'Feithicilí Speisialaithe) 2009 (S.I. Uimh. 147 de 2009).”.

SCEIDEAL

Rialachán 3.

Bóithre ainmnithe

An M1 idir Calafort Bhaile Átha Cliath agus Dún Dealgan

An N1 idir Dún Dealgan agus an Teorainn

An N4 ón M50 go Léim an Bhradáin

An M4 idir Léim an Bhradáin agus Cionn Átha Gad

An M6 idir Cionn Átha Gad agus Baile Átha Luain

An N6 idir Baile Átha Luain agus Gaillimh

An N7 idir an M50 agus an Nás

An M7 idir an Nás agus Port Laoise

An N7 idir Port Laoise agus Luimneach

An N8 idir Port Laoise agus Caiseal

An M8 idir Caiseal agus Mainistir Fhear Maí

An N8 idir Mainistir Fhear Maí agus Corcaigh

An N8 idir Acomhal Dhún Citil (Bóthar Ghleann Maghair Íochtarach) agus Uasbhealach Tivoli isteach go Port Chorcaí

An M9 idir Droichead Nua agus Cill Chuillinn

An N9 idir Cill Chuillinn agus Prumplestown

An M9 idir Prumplestown agus Baile an Phaoraigh

An N9 idir Baile an Phaoraigh agus Port Láirge

An M11/N11 idir Baile Átha Cliath agus Loch Garman

An N25 idir Corcaigh agus Loch Garman

An N25 idir Loch Garman agus Ros Láir

An N25 idir Acomhal Dhún Citil (trí Thollán na Laoi) agus Acomhal Bloomfield

An N28 idir Acomhal Bloomfield agus Calafort Rinn an Scidígh

An M50

8 [147]

Arna thabhairt faoi mo láimh,

an 20 Aibreán 2009

NOEL AHERN,

Aire Stáit sa Roinn Iompair.

NÓTA MÍNIÚCHÁIN

(Ní cuid den Ionstraim an nóta seo ná ní ceart a mheas gur míniú dlíthiúil uirthi é.)

Leis na rialacháin seo, tá córas ceadúnaithe sruthlínithe tugtha isteach atá le riar ag an nGarda Síochána chun feithiclí leathana agus fada (na hualaí orthu san áireamh) nach mó iad ná 27.4 méadar ar fhad agus 4.3 méadar ar leithead ar na príomhbhealaí idir-uirbeacha agus ar na bealaí isteach go Calafort Chorcaí, go Calafort Rinn an Scíidigh agus go Calafort Ros Láir.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH 2,

nó tríd an bpost ó FOILSEACHÁN RIALTAIS, AN RANNÓG POST-TRÁCHTA,
AONAD 20 PÁIRC MIONÍOLA COIS LOCHA, CLÁR CHLAINNE MHUIRIS,
CONTAE MHAIGH EO,
(Teil: 01 - 6476834 nO1890 213434; Facs: 094 - 9378964 nó 01 - 6476843)
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased directly from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN 2,
or by mail order from
GOVERNMENT PUBLICATIONS, POSTAL TRADE SECTION,
UNIT 20 LAKESIDE RETAIL PARK, CLAREMORRIS, CO. MAYO,
(Tel: 01 - 6476834 or 1890 213434; Fax: 094 - 9378964 or 01 - 6476843)
or through any bookseller.

∴ 3.05

